# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

# Scéim Mharcála

# Ríomheolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar úsáid scéimeanna marcála foilsithe**

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhiniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas i bhfianaise réimse iomlán fhreagraí na n-iarrthóirí, leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus an gá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim dheiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go mbeadh malairtí leagain agus leaganacha difriúla inghlactha. Ní mór do cheartaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeartaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

**Scéimeanna Marcála sa Todhchaí**

Ba chóir aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart a sheachaint. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhcheartaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

## Scéim Mharcála - Roinn C

### Struchtúr na scéime marcála do Roinn C (Clárú)

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. Roinneann scálaí lipéadaithe A freagraí iarrthóirí ina gceithre chatagóir (freagra ceart, freagra beagnach ceart, freagairt ceart i bpáirt, agus freagra gan fiúntas suntasach), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

| Lipéad Scála | A | B | C |
|---|---|---|---|
| Líon na gcatagóirí | 4 | 5 | 6 |
| Scála 5 mharc | 0, 2, 3, 5 | 0, 2, 3, 4, 5 | |
| Scála 10 marc | 0, 3, 7, 10 | 0, 3, 5, 8, 10 | 0, 2, 4, 6, 8, 10 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos sonraí le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéil

Scálaí A (4 chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

Scálaí B (5 chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

Scálaí C (6 chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart
- níos mó ná an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 30 mharc |
|---|---|---|

Freagair sé cheist ar bith.

**Ceist 1** **5 mharc**

| Colún A<br>Sannachán Athróige | Colún B<br>Cineál Sonraí |
|---|---|
| a = 5 | Slánuimhir |
| b = "Hello World" | Teaghrán |
| c = True | Boole |
| d = ["úll", "banana", "oráiste"] | Liosta |
| e = 2.718 | Snámhphointe |

Gach mír cheart 1 mharc

**Ceist 2** **5 mharc**

**1 1 0 1**
**$2^3$ $2^2$ $2^1$ $2^0$**
**8 + 4 + 0 + 1 = 13**

| | |
|---|---|
| Ceart | 5 mharc |
| Mionearráid ríomha | 4 mharc |
| Leathcheart | 3 mharc |
| Aon chéim cheart | 2 mharc |

**Ceist 3** **5 mharc**

- **Is féidir le Unicode raon sraitheanna carachtar níos mó ná an Cód Caighdeánach. Meiriceánach um Idirmhalartú Faisnéise (ASCII i mBéarla) a léiriú. e.g emojis etc.**
- **Léiríonn Unicode formhór na dteangacha scríofa ar domhan rud nach bhfuil fíor i gcás ASCII.**
- **Tá a chomhionannas ag ASCII laistigh de Unicode.**
- **Nó tairbhe dearfach cosúil leis a bhaineann le Unicode nó ASCII.**

Ceann amháin ar bith díobh seo thuas:

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 5 mharc |
| Míniú maith - faisnéis shoiléir, níl lántuiscint léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 1 mharc |

**Ceist 4** **5 mharc**

Aon sampla bailí 2 mharc

Míniú:

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**Ceist 5** **5 mharc**

**Freagra: baincéireacht ar líne, ríomhthráchtáil, Spotify, Netflix, ríomhphost, áirithint ar líne, líonra ríomhaire phearsanta scoile/oifige, etc nó rud cosúil leis nuair a dhéanann cliant cumarsáid le freastalaí**

Aon sampla bailí 5 mharc

**Ceist 6** **2+3 mharc**

(a) Cad is HTTP ann?

| | |
|---|---|
| an teanga a úsáidtear chun leathanaigh ghréasáin a ríomhchlárú | ☐ |
| an modh chun sonraí a ionchódú go slán | ☐ |
| an brabhsálaí gréasáin | ☐ |
| an prótacal chun hipirtéacs na leathanach gréasáin a sheoladh | ☑ |

Ceart 2 mharc
(Mícheart má thiceáiltear níos mó ná 1 bhosca)

(b) Déan cur síos ar dhifríocht **amháin** idir an Gréasán Domhanda (WWW) agus an tIdirlíon.

**Is córas domhanda é an t-idirlíon de ríomhairí idirnasctha (úsáideann sé TCP/IP).**
**Is ábhar ar líne é an gréasán domhanda (leathanaigh ghréasáin) – déantar an formáidiú in HTML agus úsáidtear prótacal HTTP.**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**Ceist 7** **5 mharc**

**Úsáidtear comharthaí ionchuir dhigiteacha chun míreanna a léiriú nach bhfuil ach dhá (2) staid acu, amhail staideanna AIR (dénárthán 1) nó AS (dénárthán 0). Tá comharthaí analógacha athraitheach, tá staideanna iomadúla acu. Is féidir le comharthaí ionchuir dhigiteacha míreanna amhail teocht nó leibhéil solais, etc a léiriú.**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 5 mharc |
| Míniú maith - faisnéis shoiléir, níl lántuiscint léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 1 mharc |

**Ceist 8** **5 mharc**

**Freagra:**

**10**
**9**
**8**
**7**
**6**
**5**

**NÓ**

**10 9 8 7 6 5**

| | |
|---|---|
| Ceart | 5 mharc |
| Priontálann sé gach luach idir 10 agus 6/4 san áireamh in ord íslitheach | 3 mharc |
| Aon aschur uimhreach bailí ar bith | 1 mharc |

**Ceist 9** **3+2 mharc**

| Céim | a | b | a < 4 |
|---|---|---|---|
| **1** | 1 | 2 | Fíor |
| **2** | 2 | 4 | Fíor |
| **3** | 3 | 7 | Fíor |
| **4** | 4 | 11 | Bréagach |

**Freagra: 11**

Gach sraith/colún ceart 1 mharc (uasmhéid 3 mharc)
Aon luach ceart amháin 1 mharc (iomlán)

Aschur ceart 2 mharc

**Ceist 10** **3 + 2 mharc**

**(a)** **x = 21**
**Freagra: 2**

**(b)** **x = 3**
**Freagra: ní bhfuarthas an mhír**

Tá an dá cheann ceart 5 mharc
Ceann amháin ar bith ceart 3 mharc

**Ceist 11** **5 mharc**

**Samplaí amhail róbait le haghaidh cuideachta shóisialta, róbataic chun cuidiú le cúraimí soghluaiseachta/baile, teicneolaíocht chun aird duine a tharraingt ar thitim, uathoibriú i dtithe amhail soilse cliste, téamh, etc nó samplaí cosúla nuair a bhíonn ról cúntóireachta ag an teicneolaíocht.**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 5 mharc |
| Míniú maith - faisnéis shoiléir, níl lántuiscint léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 1 mharc |

**Ceist 12** **3+2 mharc**

- **seiceáil go bhfuil an seoladh ríomhphoist fós ann (ní fhágtar folamh é).**
- **seiceáil nach bhfuil spásanna ar fáil sa seoladh ríomhphoist (ná carachtair neamhdhleathacha).**
- **seiceáil go bhfuil an tsiombail @ ar fáil sa seoladh ríomhphoist.**
- **seiceáil nach bhfuil níos mó ná 256 carachtar ar fad ann.**
- **seiceáil go bhfuil ainm fearainn bailí ag an seoladh ríomhphoist e.g. info@test.com**
- **Nó seiceáil bhailíochta ríomhphoist cosúil leis.**

| | |
|---|---|
| An chéad cheann ceart | 3 mharc |
| An dara ceann ceart | 2 mharc |

## Roinn B — Ceisteanna Fada — 30 mharc

**Ceist 13** **30 (16, 6, 8) marc**

**(a)** **16 (6,10) mharc**

**(i)** **6 mharc**

**Gníomhaíochtaí Sampla:**

- **Tástáil Aonaid – chun feidhmiúlacht gach cuid den chóras a thástáil.**
- **Tástáil chórais – chun feidhmiúlacht an chórais iomláin a thástáil.**
- **Tástáil úsáideora – chun feidhmiúlacht a thástáil ó thaobh úsáideoir deiridh de.**
- **Tástáil Béite – tástáil luatheisiúna i dtaobh grúpa beag.**
- **Tástáil bosca dhuibh – tástáil chórais mar bhosca dubh.**
- **Tástáil bosca bháin – tástáil gach líne de chód i gcomhair clúdach cóid.**
- **Tástáil neamhfheidhmiúil e.g. Tástáil feidhmíochta – chun tionchair feidhmíochta ar fhóin phóca a thástáil.**
- **Suirbhé úsáideoirí – chun aiseolas úsáideoirí a fháil.**
- **Nó tástáil/bailíochtú cosúil leis.**

Do gach gníomhaíocht:

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**(ii)** **10 marc**

**Forbróir bogearraí, Bainisteoir Tionscadail, Ceann Foirne, Bainisteoir Táirge/Úinéir, Dearthóir Grafaicí, Tástálaí, Saineolaí Ábhair (e.g. ar ghalair thógálacha) nó ról cosúil leis.**

Do gach mír:

| | |
|---|---|
| Ainm | 2 mharc |
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**(b)** **6 mharc**

**Aon chúis a bhaineann le riachtanais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).**
**Aon chúis eiticiúil.**
**Nó comhchosúil .**

Do gach míniú:

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**(c)** **8 marc**

Glac le prionsabail a bhaineann leis an dearadh uilíoch nó dearadh comhéadain úsáideora.

Prionsabal a bhaineann leis an dearadh uilíoch
Prionsabal 1: Cothromasach in Úsáid
Prionsabal 2: Solúbthacht in Úsáid
Prionsabal 3: Úsáid Shimplí agus Iomasach
Prionsabal 4: Faisnéis Inbhraite
Prionsabal 5: Lamháltas Earráidí
Prionsabal 6: Iarracht Fhisiciúil Íseal
Prionsabal 7: Méid agus Spás le haghaidh Cur Chuige agus Úsáide

Dearadh Comhéadain Úsáideora:
Cuir úsáideoirí i gceannas ar an gcomhéadan.
Déan cinnte go bhfuil sé compordach idirghníomhú leis an táirge seo.
Laghdaigh an t-ualach cognaíoch.
Déan cinnte go bhfuil comhéadain úsáideoirí comhsheasmhacha.

Feiceálacht an stádais chórais, meaitseáil idir an córas agus an saol nithiúil, rialúchán agus saoirse úsáideoirí, comhsheasmhacht agus caighdeáin, cosc earráidí, aitheantas seachas aistarraingt, solúbthacht agus éifeachtúlacht úsáide, dearadh aeistéitiúil agus íostach, cabhraigh le húsáideoirí earráidí a shainaithint, a aithint agus teacht slán ó earráidí, cabhair agus cáipéisíocht

Tá ár bprionsabail de réir Don Norman: Feiceálacht, Aiseolas, Srianta, Mapáil, Comhsheasmhacht, Acmhainneacht.

I gcás gach prionsabail:

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 4 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**Ceist 14** **30 (10, 10, 10) marc**

**(a) 10 (3, 3, 4) marc**

**(i)** **3 mharc**

**Oibríonn sé trí fhadhb a bhriseadh síos go hathchúrsach ina bhfo-fhadhbanna den chineál céanna nó bainteach, go dtí go mbíonn siad sách simplí le réiteach go díreach. Tógann cineál dénártha gach leath agus ansin briseann sé an dá leath athuair agus mar sin de go dtí go n-aimsítear an mhír.**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**(ii)** **3 mharc**

- **Ní mór do chuardach líneach dul trí gach suíomh go dtí go n-aimsítear é.**
- **Briseann cuardach dénártha an fhadhb síos trína scoilt ina dá leath gach uair.**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**(iii)** **4 mharc**

**Níl, mar níl an liosta sórtáilte.**

| | |
|---|---|
| Níl | 2 mharc |
| Is gá é a shórtáil | 2 mharc |

**(b)** **10 (6,4) marc**

**(i)** **6 mharc**

**Roinntear an liosta ina dhá leath de shíor agus scaoiltear le leath amháin.**

**Sainaithníonn algartam luachanna ísle, láir agus arda ar céim go dtí go n-aimsítear 8.**

**Céim 1: Luach Íseal = 1, Luach Ard = 12, Luach Láir =6**

**Céim 2: Luach Íseal = 7, Luach Ard = 12, Luach Láir = 9**

**Céim 3: Luach Íseal = 8, Luach Ard = 9 Aimsithe**

**Tabhair faoi deara go bhféadfadh an luach láir bheith ar 7 i gcéim 1 agus athróidh sé seo na céimeanna ina dhiaidh sin.**

| | |
|---|---|
| Tuaslagán lánréitithe lena n-áirítear roinnt athdhéanta an liosta | 6 mharc |
| Sainaithníonn sé roinnt athdhéanta an liosta le hearráid | 4 mharc |
| Sainaithníonn sé roinnt aonair an liosta | 2 mharc |
| Aon chéim cheart ar bith (e.g. íseal, ard a shainaithint) | 1 mharc |

**(ii)** **4 mharc**

**Céim 1: 30 uimhir**
**Céim 2: 15 uimhir**
**Céim 3: 8 uimhir**
**Céim 4: 4 uimhir**
**Céim 5: 2 uimhir**
**Céim 6: 1 uimhir**

**Freagra: 6**

| | |
|---|---|
| Freagra ceart | 4 mharc |
| Roinnt céimeanna cearta sa ríomh | 2 mharc |

**(c)** **10 marc**

Buntáiste:
- Caitheann an t-algartam le gach duine ar an mbealach céanna.
- Seachain aon chlaonadh fo-chomhfhiosach – tugtar neamhaird ar fhachtóirí cine agus socheacnamaíocha.

Míbhuntáiste
- Baineann sé mothúcháin an duine ó chinnteoireacht.
- Má códaíodh go mícheart é d’fhéadfadh sé duine éigin a fhágáil i bpríosún go mícheart.
- Daoine a dhear na algartaim mar sin b’fhéidir go bhfuil claonadh san áireamh ann.
- D’fhéadfadh an t-algartam neamhaird a thabhairt ar fhachtóirí tábhachtacha ar nós athruithe dearfacha a tharla don duine le deireanas.

Le haghaidh gach buntáiste/míbhuntáiste

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 5 mharc |
| Míniú maith | 3 mharc |
| Míniú measartha | 2 mharc |

**Ceist 15** **30 (8, 10, 6, 6) marc**


**(a)** **8 marc**


**Próiseálaí, RAM, Cárta Grafaice, Córas gan Sreang, Líonrú.**

Do gach mír:
Mír bhailí 1 mharc
Míniú an-mhaith 3 mharc
Míniú measartha 2 mharc

**(b)** **6 mharc**

(i)




Tá an dá cheann ceart 6 mharc
Ceann amháin ceart 3 mharc

(ii) **4 mharc**

| **ASCHUIR** | | **LUACHANNA ASCHUIR** |
|---|---|---|
| A | B | A NÓ B |
| 0 | 0 | **0** |
| 0 | 1 | **1** |
| 1 | 0 | **1** |
| 1 | 1 | **1** |

Tá gach sraith ceart – 1 mharc

**(c)** **6 mharc**

- **Is í an tsraith crua-earraí an tsraith is ísle in ailtireacht an chórais oibriúcháin shrathaigh. idirghníomhaíonn an tsraith leis an tsraith crua-earraí agus comhordaíonn sí leis na gléasanna forimeallacha amhail printéir, luch, méarchlár, scanóir etc.**
- **Bainistíonn an córas oibriúcháin (O S) crua-earraí ríomhairí, acmhainní bogearraí, agus cuireann sé gnáthsheirbhísí ar fáil do ríomhchláir.**
- **Is í an tsraith feidhmchláir an tsraith a idirghníomhaíonn i ndáiríre leis an gcóras oibriúcháin nó feidhmchlár nuair a úsáideann an t-úsáideoir feidhmchlár.**
- **Tá an comhéadan úsáideoirí a mbíonn úsáideoirí ag idirghníomhú leis ar fáil sa tsraith úsáideoirí.**

Do gach ceann den 2 shraith roghnaithe:

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

**(d)** **6 mharc**

| | |
|---|---|
| Ainmnigh forbairt bhailí | 2 mharc |
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 4 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 2 mharc |

## Roinn C Ríomhchlárúchán 50 marc

**Ceist 16** **50 marc**

**(a) 50 (5, 10, 5, 5, 10, 5, 10) marc**

Réiteach féideartha:

```
# Ceist 16(a)
# Scrúduimhir:

pin = "1579"
loggedIn = False
failedAttempts = 0

while not loggedIn and (failedAttempts < 3):
    #tá input command ag iarraidh PIN ar an úsáideoir
    userTry = input("Cuir isteach PIN:")

    if userTry == pin:
        print("Fáilte")
        loggedIn = True
    else:
        print("PIN mícheart")
        failedAttempts += 1

if failedAttempts >= 3:
    print("Chuir tú an PIN isteach go mícheart", failedAttempts,
"uaireanta.")
```

**(i)** **5 mharc (scála A-5)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil. |
| 3 mharc | **Freagra beagnach ceart**<br>Déan trácht san áit cheart |
| 2 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Aon iarracht ar thrácht a chur isteach |

**(ii)** **10 marc (scála A-10)**

| | |
|---|---|
| 10 marc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil (san áireamh `else` agus ráiteas `print`). |
| 7 marc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm beagnach ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil (san áireamh `else` agus ráiteas `print`) ach le mionearráid chomhréire. |
| 3 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Iarracht ar úsáid `print` a thaispeánann aschur d'úsáideoir agus an pin mícheart á léiriú. |

**(iii)** **5 mharc (scála A-5)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil. |
| 3 mharc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. |
| 2 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Iarracht a léiríonn eolas teoranta ar athróg Boole. |

**(iv)** **5 mharc (scála A-5)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil. |
| 3 mharc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. |
| 2 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Iarracht luach a thabhairt d'athróg Boole ach le hearráid loighciúil e.g. san áit mhícheart. |

**(v)** **10 marc (scála A-10)**

| | |
|---|---|
| 10 mharc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil. |
| 7 marc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach.<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil ach tá an t-aschur mícheart e.g. ní mhaíonn sé an PIN mícheart ná ní iarrainn sé ar an úsáideoir an PIN a chur isteach. |
| 3 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Féachadh le lúb a úsáid ach le roinnt earráidí loighciúla maidir lena chur i bhfeidhm. |

**(vi)** **5 mharc (scála A-5)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil. |
| 3 mharc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. |
| 2 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Iarracht luach a thabhairt d'athróg Boole ach le hearráid loighciúil e.g. san áit mhícheart. |

**(vii)** **10 marc (scála B-10)**

| | |
|---|---|
| 10 marc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil don <u>dá</u> chás (logáil isteach rathúil nó líon iomlán na n-iarrachtaí). |
| 8 marc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid tuaslagáin thuas nó comhchosúil don <u>dá</u> chás (logáil isteach rathúil nó líon iomlán na n-iarrachtaí) ach le mionearráid chomhréire.<br>Trí cinn ar bith díobh seo:<br>• `while` leasaithe le lúb<br>• `failedAttempts` incrimintithe<br>• ráiteas `if` líne 19<br>• ráiteas `print` |
| 5 mharc | **Tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart**<br>Iarracht ar ríomh líon na n-iarrachtaí teipthe<br>Dhá cheann ar bith díobh seo:<br>• `while` leasaithe le lúb<br>• `failedAttempts` incrimintithe<br>• ráiteas `if` líne 19<br>• ráiteas `print` |
| 3 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Ceann amháin ar bith:<br>• `while` leasaithe le lúb<br>• `failedAttempts` incrimintithe<br>• ráiteas `if` líne 19<br>• ráiteas `print` |

| *Obair chúrsa (90 marc san iomlán)* | | |
|---|---|---|
| ***Cur síos*** | | ***Marcanna*** |
| **Cur i láthair tuarascála** | Cáilíocht struchtúr agus leagan amach na tuarascála; fianaise gur chloígh an mac léinn le prionsabail dea-dhearadh comhéadan úsáideora agus an suíomh gréasáin á chruthú. | **5** |
| **Réasúnaíocht don chur chuige maidir leis an sainchúram** | | |
| **Taighde** | Taispeántar fianaise ar thaighde agus ar imscrúdú ar an gcomhthéacs agus ar an tasc. | **10** |
| **Freagra ar an sainchúram** | Mínítear go soiléir na roghanna a rinneadh; cuireann sé réasúnaíocht shoiléir taobh thiar den chur chuige dearaidh foriomlán. | |
| **An déantúsán (dearadh, forbairt agus oibriú)** | | |
| **An sainchúram a chomhlíonadh** | Tá an déantúsán comhsheasmhach le comhthéacs agus téama an tsainchúraim. Comhlíonadh riachtanais an tsainchúraim; comhlíonadh riachtanais aitheanta an úsáideora deiridh. | **10** |
| **Próiseas dearaidh atriallach** | Cuirtear amlíne dearaidh i láthair le bonn cirt le príomhchinntí; míníonn sé an cur chuige dearaidh atriallach a glacadh. | **15** |
| **Smaointeoireacht ríomhaireachtúil agus réiteach fadhbanna** | Taispeántar le tógáil an déantúsáin scileanna amhail astarraingt, dianscaoileadh, smaointeoireacht algartamach, meastóireacht agus tástáil.<br>Taispeántar go soiléir an cumas dul i ngleic go córasach le fadhbanna a thagann chun cinn i gcur i bhfeidhm an dearaidh agus na fadhbanna sin a réiteach. | **15** |
| **Scileanna ríomhchláraithe** | Taispeántar scileanna bunúsacha, mar shampla cur chuige modúlach a úsáid, struchtúir sonraí ardleibhéil a úsáid, tástáil agus dífhabhtú, dúbailt íosta cód, inléiteacht, úsáid éifeachtach tráchtaireachta. | **15** |
| **Teicneolaíochtaí ríomhaireachta a úsáid agus feasacht ar thionchair shóisialta** | Taispeántar feasacht ar theicneolaíocht oiriúnaitheach; úsáid chruthaitheach agus iomchuí na teicneolaíochta; feasacht ar chroí-choincheapa eolaíochta ríomhaireachta. Taispeántar feasacht ar an úsáideoir deiridh/na húsáideoirí deiridh agus ar na tionchair shóisialta a d'fhéadfadh a bheith ann. | **10** |
| **Measúnú** | | |
| **Machnamh** | Mínítear a mhéid a chomhlíonann an déantúsán uaillmhian an dearaidh; cé chomh maith agus a chomhlíontar riachtanais an úsáideora deiridh atá beartaithe. | **10** |
| **Forbairt amach anseo** | Déantar cur síos ann le bonn cirt ar conas a d'fhéadfaí an déantúsán a mhodhnú agus a fheabhsú. | |
| **Tagairtí** | | |
| **Tagairtí** | Ní mór duit tagairtí agus/nó leabharliosta a áireamh freisin. | **0** |
| **Líon focal achomair** | | |
| **Líon focal achomair** | Cuir san áireamh achoimre ar líon focal na tuarascála, lena n-áirítear an líon iomlán focal. | **0** |

| Grád níos airde | Gnáthghrád | Tagairt Marc | Níos airde Marc | Gnáth Marc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | 81 – 90 | 81 – 90 | 90 |
| 2 | | 72 – 80 | 72 – 80 | 90 |
| 3 | | 63 – 71 | 63 – 71 | 90 |
| 4 | | 54 – 62 | 54 – 62 | 90 |
| 5 | 1 | 45 – 53 | 45 – 53 | 81 – 90 |
| 6 | 2 | 36 – 44 | 36 – 44 | 72 – 80 |
| 7 | 3 | 27 – 35 | 27 – 35 | 63 – 71 |
| 8 | 4 | 23 – 26 | 23 – 26 | 54 – 62 |
| | 5 | 18 – 22 | 18 – 22 | 45 – 53 |
| | 6 | 14 – 17 | 14 – 17 | 36 – 44 |
| | 7 | 9 – 13 | 9 – 13 | 27 – 35 |
| | 8 | 0 – 8 | 0 – 8 | 0 - 26 |

**OBAIR CHÚRSA – coinbhéartú ón marc tagartha go dtí an marc an Ghnáthleibhéil**

Maidir le hiarrthóirí Gnáthleibhéil, faightear an marc deiridh ón marc tagartha mar seo a leanas:

- Más é 54 nó níos mó an marc tagartha is é 90 an marc deiridh.
- Más é 27 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 54, ansin cuir 36 leis an marc tagartha chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 1 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 27, ansin dúbáil an marc tagartha agus cuir 9 leis chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 0 an marc tagartha is é 0 an marc deiridh.

| Marc Tagartha | Coinbhéartú |
|---|---|
| 54 nó níos mó | Tabhair 90 marc |
| 27 – 53 | Cuir 36 marc leis |
| 1 - 26 | Déan an marc tagartha a iolrú faoi 2 agus cuir 9 marc leis |
| 0 | 0 |